UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

Beartas maidir le Saoire Shabóideach

Arna cheadú ag an Údarás Ceannais an 1 Samhain 2013

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 1

2. Saoire Shabóideach 1

2.1 Tréimhse 2
2.2 Incháilitheacht 2
2.3 Coinníollacha na Saoire 2
2.4 Togra a Bhreithniú roimh Iarratas Foirmiúil 3
2.5 Cúiteamh 3
2.6 Foirm Iarratais 4
2.7 Tuarascáil ar Shaoire Shabóideach 4

3. Saoire Thaighde Speisialta (SRSTS) 4

3.1 Tréimhse 5
3.2 Incháilitheacht 5
3.3 Coinníollacha na Saoire 5
3.4 Togra a Bhreithniú roimh Iarratas Foirmiúil 6
3.5 Impleachtaí Airgeadais 6
3.6 Foirm Iarratais 6
3.7 Tuarascáil ar Shaoire Thaighde Speisialta 6

4. Saoire Ghairmiúil gan Phá 7

An Beartas maidir le Saoire Shabóideach in Ollscoil Luimnigh

1. Réamhrá

Is é misean Ollscoil Luimnigh cáil idirnáisiúnta a bhaint amach mar ollscoil shainiúil, a chuireann le múnlú na todhchaí trí oideachas a chur ar dhaoine agus iad a chumasú chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo. Is é croílár mhisean Ollscoil Luimnigh ná sármhaitheas a bhaint amach maidir le teagasc, foghlaim agus taighde. Ón tús, bhí cur i ngníomh an mhisin sin faoi réir an tiomantais a chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí cuí d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir na hÉireann.

Is cuid dhílis den mhisean an taighde. Tá taighdeoirí aonair sna dámha go léir ag cur leis an eolas i réimse leathan de dhisciplíní acadúla, fad atá institiúidí taighde ag forbairt lear mór saineolais taighde sna réimsí ar a bhfuil siad dírithe.

Tá beartas soiléir ag Ollscoil Luimnigh an fhoireann acadúil a spreagadh chun leas a bhaint as saoire fhorbartha ghairmiúil le haghaidh taighde agus scoláireachta. Cruthaíodh an beartas seo chun tréimhse ama gan bhriseadh a thabhairt don fhoireann chun cur lena bhforbairt ghairmiúil.

Ar áireamh ar na deiseanna ar shaoire fhorbartha ghairmiúil in Ollscoil Luimnigh tá saoire shabóideach, saoire thaighde speisialta agus saoire ghairmiúil gan phá. Ní mór saoire shabóideach a thógáil lasmuigh d'Éirinn agus tógtar saoire thaighde speisialta laistigh d'Éirinn. Féadfaidh comhaltaí den fhoireann iarratas a dhéanamh ar shaoire thaighde speisialta a thógáil ag aon chéim dá ngairm (i.e. sos gairme) faoi réir ceadú a fháil ó Cheann na Roinne.

2. Saoire Shabóideach

Lasmuigh d'Éirinn a thógtar saoire shabóideach ar feadh seimeastair amháin nó ar feadh bliana acadúil iomlán. Spreagann Ollscoil Luimnigh an fhoireann chun saoire shabóideach a thógáil thar lear mar go dtugtar deiseanna dóibh chun bheith ag obair i ndálaí agus i gcórais éagsúla, chun caidrimh agus gréasáin idirnáisiúnta a bhunú agus comhoibriú le comhghleacaithe idirnáisiúnta ar thionscadail taighde le linn na saoire agus sa todhchaí. Tá sé cruthaithe go mbíonn tairbhí fiúntacha ann don phearsa aonair agus d'Ollscoil Luimnigh ó shaoire shabóideach a chaitear thar lear.

Go ginearálta, leagtar béim ar scileanna taighde agus ar eolas a fheabhsú i dtograí maidir le saoire shabóideach. Féadfar, áfach, saoire shabóideach a thógáil ar mhaithe le caighdeán teagaisc a fheabhsú agus nuálaíocht a chur chun cinn trí chur leis an eolas oideolaíoch nó curaclaim i gcásanna ina measfar go mbeadh siad sin chun tairbhe don chomhalta foirne agus dá roinn araon.

2.1 Tréimhse

De ghnáth, ní rachaidh tréimhse na saoire thar bhliain acadúil amháin, is cuma cén fhad seirbhíse leanúnaí atá ag an iarratasóir ó ceapadh é nó í nó ó foirceannadh an tréimhse is déanaí de shaoire shabóideach a thóg sé nó sí.

2.2 Incháilitheacht

Beidh comhalta den fhoireann cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar sheimeastar amháin de shaoire shabóideach tar éis seirbhís cháilitheach trí bliana nó ar aon bhliain acadúil de shaoire shabóideach tar éis seirbhís cháilitheach sé bliana. Ní áireofar an t-am a chaithfear ar saoire mar sheirbhís cháilitheach le haghaidh saoire dá éis sin.

In imthosca eisceachtúla, breithneofar iarratais nach gcomhlíonann na hamlínte thuas ar thuilleamas aonair agus beidh siad faoi réir ceadú a fháil ón Déan iomchuí agus ón Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir.

2.3 Coinníollacha na Saoire

I dteannta na gcritéar incháilitheachta, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas maidir le saoire shabóideach:

1. Ní mór cuspóir na saoire a bheith inghlactha ag an Roinn agus ag Déan na Dáimhe.
2. Ní mór na tairbhí don chomhalta foirne, don roinn, don Dámh agus don Ollscoil a bheith soiléir.
3. Ní mór tráthú na saoire a bheith inghlactha ag an Roinn agus ag Déan na Dáimhe.
4. Ní fhéadfaidh éifeacht dhochrach a bheith ag an tsaoire ar fhreagrachtaí na roinne maidir le teagasc, taighde agus riarachán.
5. Ní mór socruithe a bheith déanta maidir le tráchtais mac léinn etc. a mhaoirsiú.
6. Ní mór socruithe airgeadais a bheith comhaontaithe roimh ré idir an t-iarratasóir, Ceann na Roinne, an Déan agus an Rannán Airgeadais.
7. Ar chríoch don tréimhse de shaoire shabóideach, ní mór don chomhalta foirne filleadh ar Ollscoil Luimnigh, i.e. de ghnáth, ní fhéadfaidh an comhalta foirne scor nó Ollscoil Luimnigh a fhágáil díreach tar éis na tréimhse saoire. Fillfidh an comhalta foirne ar an bpost céanna ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna a bhí i bhfeidhm díreach roimh dhul ar saoire mura gcomhaontófar a mhalairt idir Ollscoil Luimnigh agus an comhalta foirne.
8. Ar fhilleadh ar an obair tar éis na saoire, ní mór don chomhalta foirne tuarascáil i scríbhinn a thabhairt do Cheann na Roinne agus do Dhéan na Dáimhe agus seisiún aiseolais a chur i láthair dá chomhghleacaithe nó dá comhghleacaithe roinne.

I gcás go ndéanfaidh comhalta foirne iarratas ar shaoire shabóideach eile, déanfaidh Ceann na Roinne agus Déan na Dáimhe measúnú ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí na céad tréimhse saoire agus an t-iarratas ar an dara tréimhse saoire á bhreithniú acu.

2.4 Togra a Bhreithniú roimh Iarratas Foirmiúil

Sula gcomhlánóidh an comhalta foirne an fhoirm iarratais ar shaoire shabóideach ní mór don duine ceadú ó bhéal a lorg óna Cheann/óna Ceann Roinne. Ní mór do Cheann na Roinne a bheith muiníneach go bhféadfar na coinníollacha thuas a chomhlíonadh nuair a bheidh inmharthanacht an togra á breithniú. I dteannta na gcoinníollacha sin, déanfar taifead taighde agus foilseacháin agus taifead teagaisc agus riaracháin an iarratasóra, go háirithe le trí bliana anuas, a bhreithniú. Beidh ar an iarratasóir fianaise ar a chumas nó ar a cumas, de réir mar a léirítear é sin ina thaifead nó ina taifead taighde agus/nó láithreoireacht chomhdhála, a sholáthar do Cheann na Roinne ag an gcéim seo den phróiseas.

2.5 Cúiteamh

Scrúdófar cúiteamh maidir le saoire shabóideach do gach iarratasóir ar a bhonn airgeadais féin. Braithfidh an leibhéal cúitimh le linn na saoire sabóidí ar an gcuspóir lena gceadaítear an tsaoire agus an chaoi a dtógtar an tsaoire. Ní bheidh aon chostas breise airgeadais ar an Ollscoil de bharr fheidhmiú an bheartais do shaoire shabóideach. Is é an buiséad iomlán atá ar fáil faoin Scéim seo d'aon chomhalta foirne acadúil a (h)olltuarastal don tréimhse saoire atá i gceist, lúide aon chostais athsholáthair a bhaineann leis an tsaoire (ÁSPC fostóra san áireamh).

Caithfidh comhaltaí foirne atá ag úsáid na scéime seo ranníocaíocht a dhéanamh leis an scéim pinsin, caithfidh an tsuim sin a bheith cothrom leis an difríocht idir gnáth-ranníocaíocht fostaí (bunaithe ar thuarastal iomlán) agus an tsuim a ranníoctar trí asbhaint ón "tuarastal sabóideach" laghdaithe.

Íocfar liúntas cothabhála as taisteal, bunaithe ar liúntais chothabhála faofa na Roinne Airgeadais do thaisteal thar lear (a leasaítear ó am go ham) faoi réir taisteal a dhearbhú. Laghdófar íocaíochtaí liúntais cothabhála de shuim ar bith a fhaigheann an comhalta foirne ó aon fhoinse deontais i dtreo costais a leithéid de chothabháil nó i dtreo luach lóistín a chuireann Ollscoil óstach ar fáil. Lena chois sin, is féidir éileamh a dhéanamh ar chostas taistil don chomhalta foirne agus, i gcás a t(h)eaghlaigh, costas dearbhaithe taistil do thuras fillte amháin. Má éilítear na híocaíochtaí seo ní féidir leo dul thar an mbuiséad iomlán atá ar fáil.

Leagann Aguisín 1 sampla léiritheach amach bunaithe ar Léachtóir Sinsearach ar shaoire shabóideach ar feadh bliain amháin. Tá

pleananna taistil léiritheacha le costais chothabhála incheadaithe do na pleananna seo leagtha amach in Aguisín 2. Tá ranníocaíochtaí pinsin an fhostaí in Aguisín 1 bunaithe ar thuarastal iomlán roimh an tsaoire shabóideach. Glactar le rátaí malairte chun liúntas cothabhála a ríomh agus is ar mhaithe le léiriúcháin amháin atá siad. Úsáidfear fíor-rátaí malairte ag am an taistil chun íocaíochtaí deiridh cothabhála a ríomh. Cuireadh rialacha maidir le rátaí cothabhála na státseirbhíse do thurais thar lear i bhfeidhm sa ríomh in Aguisín 2.

Tá liúntais chothabhála agus costais a íoctar le linn na saoire sabóidí faoi réir ríomh agus iniúchadh deiridh na roinne airgeadais, beidh fianaise ar thaisteal agus ar fhad an turais ag teastáil. Ba cheart go n-áireodh an Tuarascáil ar Shaoire Shabóideach (féach 2.7) sonraí iomlána an taistil ar fad a rinneadh. Caithfidh an t-iarratasóir aon ró-íocaíocht a dhéantar ar liúntas cothabhála a aisíoc leis an Ollscoil.

2.6 Foirm Iarratais

Tar éis comhaontú i bprionsabal a bheith déanta idir an comhalta foirne agus Ceann na Roinne maidir le treoir-shocruithe na saoire, ní mór don chomhalta foirne foirm iarratais ar shaoire shabóideach a chomhlánú agus do Cheann na Roinne, Déan na Dáimhe agus an Rannán Airgeadais é a cheadú. Sula gceadóidh siad an t-iarratas, is gá do Cheann na Roinne agus don Déan a bheith muiníneach go bhfuil (nó go mbeidh) coinníollacha na saoire go léir, mar a léiríodh roimhe seo, comhlíonta. Ba cheart d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Airgeadais chun socruithe airgeadais a aontú don tsaoire Shabóideach. Déanfaidh an Roinn Airgeadais mar aon le Ceann Roinne an iarratasóra an buiséad iomlán don tsaoire shabóideach a cheadú. Ní mór coinníoll uimh. 6, a bhaineann le socruithe airgeadais na saoire, a bheith comhlíonta sula gceadóidh sínitheoir an Rannáin Airgeadais an t-iarratas.

Ba chóir an fhoirm shínithe, mar aon le CV an iarratasóra, a chur ar aghaidh chuig an Rannán Acmhainní Daonna (HR) chun go bhfaighfear í roimh an 31 Eanáir le haghaidh saoire a bheidh le tosú sa chéad bhliain acadúil eile atá le teacht.

2.7 Tuarascáil ar Shaoire Shabóideach

fáil. Féadfaidh Ceann na Roinne agus an Déan tuarascáil níos mionsonraithe a iarraidh.

3. Saoire Thaighde Speisialta (STS)

Ar chúiseanna a léiríodh roimhe seo, spreagann Ollscoil Luimnigh comhaltaí chun saoire shabóideach a thógáil thar lear. Mar sin féin, i gcásanna ina ndéanfaidh comhaltaí foirne iarratas ar shaoire fhorbartha ghairmiúil ach nach féidir leo dul thar lear chun an tsaoire shabóideach a thógáil ar chúinsí pearsanta, breithneoidh an Ollscoil an bhféadfar saoire thaighde speisialta (STS) laistigh d'Éirinn a dheonú don chomhalta

foirne. Scaoiltear an comhalta foirne, le saoire thaighde speisialta (STS), ó ghnáthdhualgais ar feadh tréimhse seimeastair chun go bhféadfaidh sé nó sí díriú ar dhícheall scoláireachta nó am a chaitheamh le deis fhorbartha ghairmiúil réasúnta gearrthéarmach. Féadfar saoire thaighde speisialta (STS) a chríochnú ar an gcampas nó in áit eile.

3.1 Tréimhse

Deonófar saoire thaighde speisialta (STS) ar feadh tréimhse seimeastair amháin.

3.2 Incháilitheacht

Beidh comhaltaí foirne cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gcéad saoire thaighde speisialta (STS) ag aon tráth dá ngairm. Beidh comhaltaí foirne cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar shaoire thaighde speisialta (STS) dá éis sin tar éis seirbhís cháilitheach 8 mbliana a bheith acu tar éis dóibh filleadh ar Ollscoil Luimnigh tar éis na saoire taighde speisialta (STS) roimhe sin. Ní féidir saoire thaighde speisialta (STS) agus saoire shabóideach a thógáil ceann i ndiaidh a chéile.

In imthosca eisceachtúla, breithneofar iarratais nach gcomhlíonann na hamlínte thuas ar thuilleamas aonair agus beidh siad faoi réir ceadú a fháil ón Déan iomchuí agus ón Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir.

3.3 Coinníollacha na Saoire

1. Ní mór cuspóir na saoire taighde speisialta a bheith inghlactha ag Ceann na Roinne agus ag Déan na Dáimhe.
2. Ní mór na tairbhí don chomhalta foirne, don roinn, don Dámh agus don Ollscoil a bheith soiléir.
3. Ní mór costas airgeadais na saoire taighde speisialta (STS) a bheith inacmhainne don Roinn agus/nó don Dámh.
4. Ní mór socruithe airgeadais a bheith comhaontaithe roimh ré idir an t-iarratasóir, Ceann na Roinne agus Déan na Dáimhe.
5. Ní mór tráthú na saoire taighde speisialta (STS) a bheith inghlactha ag Ceann na Roinne agus Déan na Dáimhe.
6. Ní fhéadfaidh éifeacht dhochrach a bheith ag an tsaoire thaighde speisialta (STS) ar fhreagrachtaí na roinne maidir le teagasc, taighde agus riarachán.
7. Ní mór socruithe a bheith déanta maidir le tráchtais mac léinn etc. a mhaoirsiú.
8. Ar chríoch do thréimhse na saoire taighde speisialta (STS), ní mór don chomhalta foirne filleadh ar Ollscoil Luimnigh, i.e. de ghnáth, ní fhéadfaidh an comhalta foirne scor nó Ollscoil Luimnigh a fhágáil díreach tar éis na tréimhse saoire.
9. Ar fhilleadh ar an obair tar éis na saoire, ní mór don chomhalta foirne tuarascáil i scríbhinn a thabhairt do Cheann na Roinne agus do

Dhéan na Dáimhe agus seisiún aiseolais a chur i láthair dá chomhghleacaithe nó dá comhghleacaithe roinne.

I gcás go ndéanfaidh comhalta foirne iarratas ar shaoire shabóideach nó ar shaoire thaighde speisialta (STS) eile, déanfaidh Ceann na Roinne agus Déan na Dáimhe measúnú ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí na céad tréimhse saoire taighde speisialta (STS) agus an t-iarratas ar saoire shabóideach nó ar shaoire thaighde speisialta (STS) dá éis sin á bhreithniú acu.

3.4 Togra a Bhreithniú roimh Iarratas Foirmiúil

Sula gcríochnóidh an comhalta foirne an fhoirm iarratais ar STS, ní mór don chomhalta foirne ceadú ó bhéal a lorg óna Cheann/óna Ceann Roinne. Ní mór do Cheann na Roinne a bheith muiníneach go bhféadfar na coinníollacha thuas a chomhlíonadh nuair a bheidh inmharthanacht an togra á breithniú. I dteannta na gcoinníollacha sin, déanfar taifead taighde agus foilseacháin agus taifead teagaisc agus riaracháin an iarratasóra, go háirithe le trí bliana anuas, a bhreithniú. Beidh ar an iarratasóir fianaise ar a chumas nó ar a cumas, de réir mar a léirítear é sin ina thaifead nó ina taifead taighde agus/nó láithreoireacht chomhdhála, a sholáthar do Cheann na Roinne ag an gcéim seo den phróiseas.

3.5 Impleachtaí Airgeadais

Beidh ceadú ag brath ar chumas na roinne agus/nó na Dáimhe dualgais teagaisc an iarratasóra a chumhdach le linn a asláithreachta/a hasláithreachta. Is gá do Cheann na Roinne líon na saoire taighde speisialta (STS) in aghaidh na roinne a fhéadfar a cheadú in aon bhliain amháin a chinneadh, ag féachaint do bhuiséad airgeadais reatha na roinne.

3.6 Foirm Iarratais

Tar éis comhaontú i bprionsabal a bheith déanta idir an comhalta foirne agus Ceann na Roinne maidir le treoir-shocruithe na saoire, ní mór don chomhalta foirne foirm iarratais ar shaoire STS a chomhlánú agus do Cheann na Roinne agus Déan na Dáimhe é a cheadú. Sula gceadóidh siad an t-iarratas, is gá do Cheann na Roinne agus don Déan a bheith muiníneach go bhfuil (nó go mbeidh) na coinníollacha saoire go léir, mar a léiríodh roimhe seo, comhlíonta.

Ba chóir an fhoirm shínithe, mar aon le CV an iarratasóra, a chur ar aghaidh chuig an Rannán Acmhainní Daonna (HR) chun go bhfaighidh sé iad roimh an 31 Eanáir le haghaidh saoire a bheidh le tosú sa chéad bhliain acadúil eile atá le teacht.

3.7 Tuarascáil ar Shaoire Thaighde Speisialta STS

Laistigh de 30 lá tar éis filleadh ar an gcampas, beidh an comhalta foirne faoi cheangal tuarascáil i scríbhinn a chur faoi bhráid Cheann na Roinne

agus Déan na Dáimhe, ina ndéanfar cur síos ar an gcaoi ar baineadh amach cuspóirí an iarratais. I ngach cás, ní dhéanfar breithniú dearfach ar aon iarratas eile ar shaoire fhorbartha ghairmiúil mura mbeidh fianaise den sórt sin curtha ar fáil. Féadfaidh Ceann na Roinne agus an Déan tuarascáil níos mionsonraithe a iarraidh.

4. Saoire ghairmiúil gan Phá

Breithneoidh an Ollscoil, le cois saoire shabóideach agus saoire thaighde speisialta (STS), saoire ghairmiúil gan phá a dheonú do chomhaltaí dáimhe faoi théarmaí an bheartais maidir le Saoire Ghairme. Is féidir teacht ar an mbeartas maidir le Saoire Ghairme ar an ngréasán HR (http://www.ul.ie/hr/) trí na naisc **Policies & Procedures** – **All Other Policies**.

Ollscoil Luimnigh

Foirm Iarratais ar Shaoire Shabóideach

Ainm: _____ **Teideal:** _____

Roinn: _____ **Dámh:** _____

Dáta ceapacháin chuig Ollscoil Luimnigh: _____

Dáta na saoire beartaithe: _____

Léirigh an cuspóir a bhaineann leis an tsaoire shabóideach atá beartaithe (taighde /tionscadal/ábhair cúrsa nua a fhorbairt/leabhar a chríochnú/deis chun eolas ar ábhar, disciplín, gairm nó cleachtadh gairme, etc. a fheabhsú)
I gcomhairle le Ceann do Roinne, léirigh an bhaint atá ag an ngníomhaíocht atá beartaithe le tosaíochtaí straitéiseacha taighde nó teagaisc na roinne/na Dáimhe.

Léirigh na torthaí inbhraite a bheidh ann duit féin agus don roinn mar gheall ar an tsaoire shabóideach. (Ba chóir fiúntais scoláireachta na ngníomhaíochtaí atá beartaithe a bheith soiléir. Maidir le foilseacháin, cuir isteach sonraí faoi ailt ar irisí agus leabhair mheasúnaithe atá beartaithe, na foilsitheoirí atá beartaithe, etc.)
Léirigh na himpleachtaí a bheidh ann de bharr d'asláithreachta don teagasc, do mhaoirsiú mac léinn agus dualgas riaracháin agus tabhair moladh maidir le bealaí chun dul i ngleic leo:
Má tá tú páirteach i dtionscadal taighde arna mhaoiniú ón taobh amuigh agus dá gcuirfí as go mór don tionscadal céanna mura mbeifeá i láthair mar (phríomh-)thaighdeoir, is é sin le rá má tá tú ainmnithe sa Chomhaontú Deontais nó sa chonradh, léirigh na pleananna eile atá molta agat agus atá glactha ag an Oifig Taighde & Gníomhaireacht Maoinithe d'fhonn an ghníomhaíocht a chur ar bun.
Áit/ionad a mbeidh tú ar shaoire shabóideach:
Ní mór duit do CV a chur leis an bhfoirm iarratais seo. Cuir marc sa bhosca chun a dhaingniú go bhfuil do CV curtha leis an bhfoirm agat. ☐

An leathanach seo le comhlánú ag Ceann na Roinne

Barúlacha maidir leis na tsaoire shabóideach atá beartaithe:

Sonraí faoi shocruithe is gá a dhéanamh chun dualgais teagaisc agus riaracháin a chumhdach:

Sonraí faoi chostas cumhdaigh ar an roinn agus Ollscoil Luimnigh agus socruithe airgeadais:

Sonraí faoi shaoire shabóideach roimhe seo (más infheidhme), lena n-áirítear cur síos ar a mhéid a baineadh amach na torthaí a bhí beartaithe. Cuir tuairisc(í) i scríbhinn ón tsaoire shabóideach roimhe seo ag gabháil leis seo, le do thoil.

Ionad/sonraí le linn na saoire sabóidí:

Ionad	**Ó**	**Go dtí**

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis thuas cruinn agus comhaontaím, ar fhilleadh dom, tuarascáil a thabhairt ar aird do Cheann na Roinne/don Déan ina sonrófar na torthaí a bheidh ar an tsaoire shabóideach. Ní eol dom aon easaontas leasa a d'fhéadfadh eascairt idir mo cheapachán lánaimseartha le hOllscoil Luimnigh agus na gníomhaíochtaí gairmiúla a mbeidh mé ina mbun le linn dom bheith ar shaoire shabóideach.

Síniú: _____ Dáta: _____
(An Comhalta Dáimhe)

Molaim saoire shabóideach a cheadú.

Síniú: _____ Dáta: _____
(Ceann na Roinne)

Deimhním go bhfuil na socruithe airgeadais in ord agus molaim saoire shabóideach a cheadú.

Síniú:_____ Dáta: _____
(An Rannán Airgeadais)

Molaim an tsaoire shabóideach.

Síniú:_____ Dáta: _____
(Déan na Dáimhe)

Síniú:_____ Dáta: _____
(An Oifig Taighde)

Próiseáilte:

Síniú:_____ Dáta: _____
(An Rannán Acmhainní Daonna (HR))

Ní mór don Déan an fhoirm seo (lena n-áirítear CV) a chur chuig an Rannán Acmhainní Daonna (HR) lena próiseáil.

Ollscoil Luimnigh

Foirm Iarratais ar Shaoire Thaighde Speisialta (STS)

Ainm: _____ **Teideal:** _____

Roinn: _____ **Dámh:** _____

Dáta ceapacháin chuig Ollscoil Luimnigh: _____

Dáta na saoire taighde speisialta (STS) bheartaithe: _____

Léirigh an cuspóir a bhaineann leis an tsaoire thaighde speisialta (STS) atá beartaithe (taighde /tionscadal/ábhair cúrsa nua a fhorbairt/leabhar a chríochnú/deis chun eolas ar ábhar, disciplín, gairm nó cleachtadh gairme, etc. a fheabhsú)
I gcomhairle le Ceann do Roinne, léirigh an bhaint atá ag an ngníomhaíocht atá beartaithe le tosaíochtaí straitéiseacha taighde nó teagaisc na roinne/na Dáimhe.

Léirigh na torthaí inbhraite a bheidh ann duit féin agus don roinn mar gheall ar an tsaoire thaighde speisialta (STS). (Ba chóir fiúntais scoláireachta na ngníomhaíochtaí atá beartaithe a bheith soiléir. Maidir le foilseacháin, cuir isteach sonraí faoi ailt ar irisí agus leabhair mheasúnaithe atá beartaithe, na foilsitheoirí atá beartaithe, etc.)
Léirigh na himpleachtaí a bheidh ann de bharr d'asláithreachta don teagasc, do mhaoirsiú mac léinn agus dualgas riaracháin agus tabhair moladh maidir le bealaí chun dul i ngleic leo:
Áit/ionad a mbeidh tú ar shaoire thaighde speisialta (STS):
Ní mór duit do CV a chur leis an bhfoirm iarratais seo. Cuir marc sa bhosca chun a dheimhniú go bhfuil CV curtha leis an bhfoirm agat. ☐

An leathanach seo le comhlánú ag Ceann na Roinne

Barúlacha maidir leis na tsaoire thaighde speisialta (STS) atá beartaithe:

Sonraí faoi shocruithe is gá a dhéanamh chun dualgais teagaisc agus riaracháin a chumhdach:

Sonraí faoi chostas cumhdaigh ar an roinn agus Ollscoil Luimnigh agus socruithe airgeadais:

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis thuas cruinn agus comhaontaím, ar fhilleadh dom, tuarascáil a thabhairt ar aird do Cheann na Roinne/don Déan ina sonrófar na torthaí a bheidh ar an tsaoire thaighde speisialta (STS). Ní eol dom aon easaontas leasa a d'fhéadfadh eascairt idir mo cheapachán lánaimseartha le hOllscoil Luimnigh agus na gníomhaíochtaí gairmiúla a mbeidh mé ina mbun le linn dom bheith ar shaoire thaighde speisialta (STS).

Síniú: _____ Dáta: _____
(An Comhalta Dáimhe)

Molaim saoire thaighde speisialta (STS) a cheadú.

Síniú: _____ Dáta: _____
(Ceann na Roinne)

Ceadaím an tsaoire thaighde speisialta (STS).

Síniú:_____ Dáta: _____
(Déan na Dáimhe)

Próiseáilte:

Síniú:_____ Dáta: _____
(An Rannán Acmhainní Daonna (HR))

Ní mór don Déan an fhoirm seo (lena n-áirítear CV) a chur chuig an Rannán Acmhainní Daonna (HR) lena próiseáil.

Aguisín 1 - Sampla léiritheach de bhliain acadúil iomlán amháin nó de sheimeastar amháin

	Léachtóir Sinsearach				Léachtóir Sinsearach		
Tréimhse Shabóideach	**1 Bhliain**				**1 Seimeastar**		
Laethanta imithe as Éirinn - measta	**305**	**305**	**186**	**91**	**120**	**76**	**40**
Líon suíomhanna	**1**	**3**	**2**	**2**	**1**	**1**	**1**
	€	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**
Tuarastal réamhshabóideach							
Pá Glan réamhshabóideach	47,846	47,846	47,846	47,846	23,923	23,923	23,923
Pinsean/ÍMAT/ÁSPC/Tobhaigh etc.	46,186	46,186	46,186	46,186	23,093	23,093	23,093
Pá Comhlán réamhshabóideach/Buiséad ar fáil	**94,032**	**94,032**	**94,032**	**94,032**	**47,016**	**47,016**	**47,016**
Sabóideach - Tuarastal							
Tuarastal Glan	18,848	18,848	18,848	18,848	14,050	14,050	14,050
Pinsean/ÍMAT/ÁSPC/Tobhaigh etc.	12,496	12,496	12,496	12,496	1,622	1,622	1,622
Tuarastal Comhlán - 1/3ú den phá réamhshabóideach	**31,344**	**31,344**	**31,344**	**31,344**	**15,672**	**15,672**	**15,672**
Sabóideach - Cothabháil							
Liúntais chothabhála féach aguisín 2	30,957	43,339	30,006	16,100	16,557	11,866	6,899
Eitiltí measta	2,286	2,806	2,546	2,546	2,286	2,286	2,286
Lúide: Taighde/gné maoinithe eile	-5,000	-5,000	-2,500	-1,000	-1,667	-833	-333
Liúntas Glan Cothabhála	**28,243**	**41,145**	**30,052**	**17,646**	**17,176**	**13,318**	**8,851**
Pá Glan agus cothabháil - Sabóideach	**47,092**	**59,994**	**48,900**	**36,494**	**31,226**	**27,369**	**22,902**
Pá Comhlán agus cothabháil - Sabóideach	59,587	72,489	61,396	48,990	32,848	28,990	24,523
Costas Athsholáthair Buiséid	**34,445**	**21,543**	**32,636**	**45,042**	**14,168**	**18,026**	**22,493**
Buiséad ar fáil cothrom le Pá Comhlán	94,032	94,032	94,032	94,032	47,016	47,016	47,016
Comparáid idir Pá Glan							
Réamhshabóideach	**47,846**	**47,846**	**47,846**	**47,846**	**23,923**	**23,923**	**23,923**
Sabóideach (costas glan cothabhála agus eitiltí san áireamh)	**47,092**	**59,994**	**48,900**	**36,494**	**31,226**	**27,369**	**22,902**

Aguisín 2 - Costais Shabóideacha Léiritheacha bunaithe ar phleananna taistil measta agus ar rátaí malairte measta

Sampla 1 - Bliain shabóideach amháin le 10 mí thar lear in ionaid éagsúla

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte measta	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) - meán	05/09/2013	05/01/2014	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			60	$235.00	75%	0.782822	€8,278.34
			32	$235.00	50%	0.782822	€2,943.41
An Ríocht Aontaithe - Londain	07/02/2014	09/07/2014	30	£169.22	100%	1.228	€6,234.06
			60	£169.22	75%	1.228	€9,351.10
			62	£169.22	50%	1.228	€6,441.87
Glaschú	01/08/2014	31/08/2014	31	£118.63	100%	1.24316	€4,571.76
Liúntais Iomlána Chothabhála			**305**				**€43,339.44**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	
Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn						1	€762.00
Sionainn/Heathrow/Sionainn						1	€260.00
Baile Átha Cliath/Glaschú/Baile Átha Cliath						1	€260.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM						2	€1,524.00
							€46,145.44

Sampla 2 - Bliain shabóideach amháin le 6 mhí thar lear in ionaid éagsúla

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte measta	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
SAM meán	05/09/2013	04/12/2013	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			60	$235.00	75%	0.782822	€8,278.34
An Ríocht Aontaithe - Londain	07/02/2014	14/05/2014	30	£169.22	100%	1.228	€6,234.06
			60	£169.22	75%	1.228	€9,351.10
			6	£169.22	50%	1.228	€623.41
Liúntais Iomlána Chothabhála			**186**				**€30,005.81**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	
Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn						1	€762.00
Sionainn/Heathrow/Sionainn						1	€260.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM						2	€1,524.00
							€32,551.81

Sampla 3 - Bliain shabóideach amháin le 3 mhí thar lear in ionaid éagsúla

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte measta	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
SAM meán	05/09/2013	04/11/2013	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			30	$235.00	75%	0.782822	€4,139.17
An Ríocht Aontaithe - Londain	07/02/2014	10/03/2014	31	£169.22	100%	1.228	€6,441.87
Liúntais Iomlána Chothabhála			**91**				**€16,099.93**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	
Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn						1	€762.00
Sionainn/Heathrow/Sionainn						1	€260.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM						2	€1,524.00
							€18,645.93

Sampla 4 - Bliain shabóideach amháin le 10 mí thar lear in ionad amháin

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte measta	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
SAM meán	05/09/2013	31/08/2014	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			274	$92.67	50%	0.782822	€9,938.54
Cíos réasúnta 11 mhí - meastachán			11	$1,800.00	100%	0.782822	€15,499.88
Liúntais Iomlána Chothabhála			**304**				**€30,957.31**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	
Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn						1	€762.00
Sionainn/Heathrow/Sionainn						1	€260.00
Baile Átha Cliath/Glaschú/Baile Átha Cliath						1	€260.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM						2	€1,524.00
							€33,763.31

Sampla 5 - Tréimhse shabóideach sé mhí le 4 mhí thar lear in ionad amháin

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
SAM - meán	05/09/2013	03/01/2014	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			60	$235.00	75%	0.782822	€8,278.34
			30	$235.00	50%	0.782822	€2,759.45
Liúntais Iomlána Chothabhála			**120**				**€16,556.69**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	

Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn	1	€762.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM	2	€1,524.00
		€18,842.69

Sampla 6 - Tréimhse shabóideach sé mhí le 2.5 mí thar lear in ionad amháin

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
SAM - meán	05/09/2013	20/11/2013	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			46	$235.00	75%	0.782822	€6,346.73
Liúntais Iomlána Chothabhála			**76**				**€11,865.62**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	
Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn						1	€762.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM						2	€,1524
							€14,151.62

Sampla 7 - Tréimhse shabóideach sé mhí le 40 lá thar lear in ionad amháin

Ionad	Dáta ó:	Go dtí:	(a) # laethanta	(b) Liúntas cothabhála airgeadra áitiúil	(c) Cothabháil % ceadaithe	(d) Ráta Malairte	(a*b*c*d) Cothabháil iomlán
SAM - meán	05/09/2013	15/10/2013	30	$235.00	100%	0.782822	€5,518.90
			10	$235.00	75%	0.782822	€1,379.72
Liúntais Iomlána Chothabhála			**40**				**€6,898.62**
Eitiltí: -						Líon paisinéirí	
Sionainn/Cósta Thoir SAM/Sionainn						1	€762.00
Comhaltaí breise teaghlaigh - turas fillte amháin - cósta thoir SAM						2	€1,524.00
							€9,184.62